



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Scéim Ghinearálta an Bhille um Pleanáil agus Bainistíocht Forbartha Mara (PBFM)

Ceisteanna Coitianta

Clár na nÁbhar

Réamhrá.....	4
Cén ról atá ag PBFM sa phróiseas athchóirithe mara trí chéile?	5
Céard atá athraithe i gcomparáid leis an mBille um Limistéar Muirí agus Imeall Trá (Leasú) (LMIT) a bhí ann roimhe seo?	6
Céard atá athraithe ó foilsíodh an Scéim i mí Iúil?	6
Céard a dhéanfaidh an Bille PBFM?	7
Céard iad na hathruithe a bheidh mar thoradh ar an mBille PBFM?	8
Conas a fheidhmeoidh an réim nua atá beartaithe?	9
Conas a dhéanfar iarratas faoin réim nua	9
Conas atá sé beartaithe go nglacfaidh daoine aonair nó eagraíochtaí páirt sa phróiseas cinnteoireachta maidir le haon fhorbairt bheartaithe ar leith faoin réim nua?	11
Céard é an Limistéar Muirí?	11
Céard é an Limistéar Cois Cósta?.....	12
Céard é Leas Pleanála?.....	13
Céard é Toiliú Limistéir Mhuirí?	14
Céard é an difríocht idir toiliú Stáit agus toiliú forbartha?.....	15
Céard iad Airí iomchuí agus céard a dhéanfaidh siad?	16
Céard iad Criosanna Straitéiseacha Gníomhaíochta Mara?.....	16
Conas a dhéanfar bainistíocht ar fhorbairt ag deireadh TLM?	17
Conas a chaithfear le dreidireacht chothabhála faoin réim nua?	18
Conas a chaithfear le Suirbhéanna Timpeallachta Mara faoin réim nua?	19
An mbeidh gach iarratas TLM faoi réir phróiseas toilithe iomlán an Stáit?.....	20
Céard iad na hathruithe atá á ndéanamh ar an gcóras pleanála?	20
Céard iad na cineálacha forbartha a mbeidh An Bord Pleanála freagrach astu in iarratais toilithe forbartha?	20
Céard iad na cineálacha forbartha a mbeidh Údaráis Áitiúla freagrach astu in iarratais toilithe forbartha?	21
An gciallaíonn an Bille PBFM nua go mbeidh an tAcht Imeall Trá á aisghairm?.....	21

Tá léas/ceadúnas imeall trá i mo sheilbh faoi láthair, céard a tharlóidh faoin réim nua?	21
Céard é an Cur Chuige Beartaithe le haghaidh Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta faoi PBFM?	22
Céard iad na socruithe idirthréimhseacha atá beartaithe do thionscadail ORE?.....	25
Giorrúcháin	26
Aguisín 1 Forléargas ar an Scéim	27
Aguisín 2 Seicheamh agus Idirghníomhaíochtaí Toilithe	33
Aguisín 3 Céimeanna agus Róil	33
Aguisín 4: An Prótacal Aistrithe atá Beartaithe do thionscadail ghaoithe áirithe amach ón gcósta i gcomhthéacs an Bhille PBFM atá beartaithe.....	36

Réamhrá

Leagtar amach i Scéim Ghinearálta an Bhille um Pleanáil agus Bainistíocht Forbartha Mara (PBFM) a d'fhaomh an Rialtas i mí na Nollag 2019 eolas ginearálta faoi réim nua do bhainistíocht forbartha agus gníomhaíochtaí i Limistéar Muirí na hÉireann. Is é an Bille PBFM atá molta an piosa reachtaíochta bainistíochta Muirí Éireannach is suntasaí ó achtaíodh an tAcht Imeall Trá in 1933 agus, i gcomhthéacs an Chreata Náisiúnta Pleanála Mara, beidh an Bille mar bhonn leis an gcaoi a mbainistíonn Éire a spás mara a athrú go hiomlán.

Tiocfaidh an réim nua in áit réimeanna reatha Stáit agus forbartha toilithe agus socruithe cuíchóirithe bunaithe ar an bprionsabal toilithe aonair i.e. toiliú aonair stáit (Toiliú Limistéir Mhuirí) chun sealbhú an Limistéir Mhuirí a chumasú agus toiliú forbairt amháin (cead pleanála), le measúnacht timpeallachta aonair. Soláthraítear ann forálacha neartaithe do phleanáil chun cinn faoin gCreat Náisiúnta Pleanála Mara agus cumhachtaí agus forálacha nua a bhaineann le forfheidhmiúchán agus comhlíontacht.

Tá raon feidhme na reachtaíochta beartaithe leathan, mionsonraithe, agus teicniúil go maith in áiteanna. Is é an aidhm atá leis an doiciméad seo an méid seo a leanas a mhíniú:

- céard atá san áireamh sa Scéim Ghinearálta;
- conas atá sé beartaithe an réim nua a fheidhmiú;
- príomhchoincheapa;
- athruithe ar an réim phleanála; agus
- nithe idirthréimhseacha.

Is i bhfoirm CC atá an doiciméad seo leagtha amach.

Séanadh

Is chun faisnéis ghinearálta tháscach a chur ar fáil an fhaisnéis atá le fáil sa doiciméad seo agus i ngach doiciméad eile atá curtha i dtoll a chéile mar chuid d'fhorbairt an dréacht-Bhille PBFM (lena n-áirítear an chóip den Scéim Ghinearálta).

Is chun críche léiriúcháin amháin a chuirtear na próisis, léaráidí agus léarscáileanna ar fáil sna doiciméid seo agus d'fhéadfaí iad a athrú go suntasach roimh achtú agus trí reachtaíocht thánaisteach. Dá réir sin, níor cheart brath ar an bhfaisnéis atá curtha ar fáil le haghaidh iarratas toilithe reatha nó amach anseo nó i ndáil le haon gníomhaíochtaí sa limistéar muirí.

Cén ról atá ag PBFM sa phróiseas athchóirithe mara trí chéile?

Is gné amháin é PBFM de phróiseas níos leithne d'athchóiriú bainistíochta mara. Tá sé beartaithe go soláthróidh an reachtaíocht seo an tacaíocht reachtach don phróiseas sin áit ar gá¹. Déileálann sé go sonrach leis na cumhachtaí agus forálacha reachtúla atá riachtanach chun gnéithe éagsúla den réim nua a chur i bhfeidhm. Áirítear i measc chomhpháirteanna an athchóirithe sin:

- Pleanáil Chun Cinn tríd an gCreat Náisiúnta Pleanála Mara. Soláthróidh sé seo an comhthéacs ina ndéanfar cinntí toilithe amach anseo. Is é sin an “plean” i “faoi threoir phlean”. [Nasc le leathanach gréasáin CNPM](#)
- Réim toilithe nua Stáit a chumhdaíonn an Limistéar Muirí ar fad. Tiocfaidh sé seo in ionad na réime reatha Imeall Trá atá teoranta do na farraigí críche.
- Méadófar an réim a bhaineann le cead pleanála críche d'fhorbairt chósta agus cuirfear breithniúcháin mhara bhreise san áireamh.
- Réim toilithe forbartha nua (cead pleanála) d'fhorbairt imeall trá (cosúil le Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta atá samhaltaithe go dlúth ar fhorálacha forbartha straitéiseacha bonneagair.
- Forálacha nua forfheidhmiúcháin agus comhlíontachta do réimeanna Stáit agus Toilithe Forbartha.
- Réim nua ceadúnaithe d'Údaráis Áitiúla do mhionghníomhaíochtaí áirithe (cosúil le himeachtaí trá) in ionad Ceadúnas Imeall Trá.

Soláthraítear sa Treoir Réime um Straitéis Mhuirí an tacaíocht chomhshaoil do chinntí toilithe sa chomhthéacs mara. [Nasc leis an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí](#)

Tá an réim nua forbartha sa chomhthéacs seo a leanas:

- An Creat Náisiúnta Pleanála Mara
- An Ráiteas Beartais maidir le Pleanáil Mara
- Treoir an AE maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí
- Treoir an AE maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) (Athbhreithnithe)
- Treoir an AE maidir le Fuinneamh In-athnuaite (Athmhúnlú) (RED2)

¹ Leagadh amach bonn reachtúil an Chreata Náisiúnta Pleanála Mara i gCuid 5 d'Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2018. Déanfar na forálacha seo a athshonrú sa reachtaíocht seo, agus beidh siad á méadú trí fhorálacha breise, chun soiléire agus comhleanúnachas a uasmhádú.

Céard atá athraithe i gcomparáid leis an mBille um Limistéar Muirí agus Imeall Trá (Leasú) (LMIT) a bhí ann roimhe seo?

- Athshonrú fhorálacha an Chreata Náisiúnta Pleanála Mara (Pleanáil Spásúil Mhuirí - PSM)
- Forálacha a bhaineann leis an Ráiteas Beartais maidir le Pleanáil Mara a chur san áireamh.
- Cur chuige príomhthoilithe aonair Stáit ag tacú leis an gcur chuige aonair maidir le toiliú forbartha.
- Réim níos cuimsithí maidir le LEE agus scairbh ilchríochach.
- Forálacha forfheidhmiúcháin feabhsaithe.

Céard atá athraithe ó foilsíodh an Scéim i mí Iúil?

Tá breis forbairt agus leasuithe beartais déanta ó d'fhaomh an Rialtas an leagan níos túsce den Scéim Ghinearálta i mí Iúil 2019, a áirítear ina measc:

Tugadh ceannteideal nua isteach chun cead a thabhairt do dhreamanna áirithe cosúil le hÚdarás Áitiúla agus comhlachtaí cuí Stáit a ainmniú mar 'cuí agus cóir', rud a chuir deireadh leis an gceanglas a bhí ann a stádas cuí agus cóir a mheas le haghaidh gach próiseas iarratais. (Ceannteideal 28a)

Tá teideal Ceannteideal 37 athraithe ó 'Dhíchoimisiúnú' go dtí 'Oibleagáidí ar shealbhóirí Thoilíú Limistéir Mhuirí (TLM) roimh fhoirceannadh nó éag' mar gur measadh nach raibh an téarma "díchoimisiúnú" sách beacht don éagsúlacht imthosca a d'fhéadfadh a bheith i gceist i ndáil le cineálacha forbartha. Leagtar amach sa cheannteideal athbhreithnithe oibleagáidí shealbhóirí TLM i ndáil le hathchóiriú an Limistéir Mhuirí roimh dhul in éag a TLManna faoi seach. (Ceannteideal 37)

Rinneadh an Ceannteideal a bhain le hOibreacha Éigeandála Cois Cósta a nuashonrú chun oibreacha práinneacha a bhí le déanamh ar bhonn éigeandála a éascú, oibreacha a bhí riachtanach chun beatha nó maoin a chosaint. Is é an aidhm atá ann deireadh a chur leis an moill a bhainfeadh le Toiliú Limistéir Mhuirí a fháil roimh thabhairt faoina leithéid d'oibreacha. Athraíodh teideal an cheanteidil seo freisin ó 'Údarú oibreacha Éigeandála sa Limistéar Muirí' go dtí 'Oibreacha éigeandála cois cósta'. (Ceannteideal 38)

Tá athchóiriú suntasach déanta ar an gCeannteideal a bhaineann le Toilithe Muirí d'Fhorbairt Dhíolmhaithe, Suirbhéanna Timpeallachta Mara agus Gníomhaíochtaí Sonracha Áirithe chun suirbhéanna agus gníomhaíochtaí eile a chur san áireamh.

Tá sé beartaithe ag an gceannteideal seo nósanna imeachta comhréireacha a bhunú le haghaidh mhionsealbhú an limistéir mhuirí áit, faoi reachtaíocht pleanála, go bhfuil a leithéid d'fhorbairt díolmhaithe ón gceanglas cead pleanála a fháil, agus le haghaidh cineálacha forbartha eile, a éilíonn mionsealbhú nó sealbhú sealadach cosúil le suirbhéanna timpeallachta mara agus gníomhaíochtaí sonracha eile. Chomh maith leis sin, soláthraíonn sé cumhachtaí chun gníomhaíochtaí áirithe a dhíolmhú ón gceanglas le haghaidh TLM. Féadfar an díolúine seo a úsáid chun gníomhaíochtaí a chumhdach atá faoi réir réim toilithe reachtach eile. (Ceannteideal 40)

Tá athbhreithniú suntasach déanta ar Chuid 5 den Scéim Ghinearálta (a bhaineann le Bainistíocht Forbartha) i gcomparáid leis an atriall roimhe seo, ag féachaint don obair shuntasach beartais a theastaíonn chun ailíniú agus comhtháthú cuí forálacha le pleanáil críche a chinntiú, agus na ceanglais shaincheaptha ar leith don limistéar muirí a idirdhealú.

Tá caibidil nua maidir le Forálacha Forfheidhmiúcháin Fhorlíontacha curtha san áireamh ina leagtar amach forálacha breise lena n-áirítear cruthú cionta agus cumhachtaí breise d'údaráis áitiúla maidir le gníomhaíochtaí áirithe sa limistéar cois cósta nó ar thailte taoidmheara. Cuirfear na forálacha seo san áireamh sa bhreis ar aon chumhachtaí reatha atá ceadaithe d'údaráis áitiúla faoi reachtaíocht eile. Ciallóidh an chaibidil seo gur cion a bheidh ann aon ábhar trá a bhaint nó cur isteach ar, gan údarú, sa limistéar cois cósta nó ar thailte taoidmheara, nó ábhar a shil-leagan nó ábhair dhíobhálacha a shil-leagan sa limistéar cois cósta nó ar thailte taoidmheara. Déanfar foráil d'údaráis phleanála cósta chun ionchúisimh achoimre a thionscnamh le haghaidh cionta dá leithéid.

Tá Caibidil nua maidir le Bearta Idirthréimhseacha do Shealbhú Neamhúdaraithé Cois Cósta curtha san áireamh chomh maith. Tá sé beartaithe go ndéanfaidh an chaibidil seo foráil le haghaidh imthosca éagsúla sa chás nár éirigh le forbairt agus sealbhú an imill trá, roimh achtú/tosach feidhme Acht PBFM, cead pleanála agus toiliú a fháil faoi na hAchtanna Imeall Trá.

Céard a dhéanfaidh an Bille PBFM?

- An limistéar muirí ina mbeidh an réim i bhfeidhm a ainmniú.
- Réim toilithe aonair nua Stáit a chruthú don limistéar muirí trí chéile.
- Foráil a dhéanamh le haghaidh toiliú forbartha aonair do gach tionscadal lena n-áirítear measúnacht tionchair timpeallachta (MTT) aonair agus measúnacht oiriúnach (MO) aonair, áit ar cuí.
- Forbairt a bhainistiú sa limistéar eisiach eacnamaíochta (LEE) agus ar an scairbh ilchríochach.
- Forálacha reatha imeall trá agus cead pleanála d'fhorbairt a bhaineann le dobarshaothrú agus iascaigh mhara a choimeád.

Céard iad na hathruithe a bheidh mar thoradh ar an mBille PBFM?

- Bunófar bonn dlí do An Bord Pleanála agus údaráis áitiúla cósta chun toiliú d'fhorbairt sa limistéar muirí.
- Foráil a dhéanamh go gcuirtear MTT/MO i gcrích do thionscadail amach ón gcósta uair amháin sa chóras pleanála, ag déanamh deighilt shoiléir idir toiliú Stáit agus róil toilithe forbartha.
- Réim toilithe nua Stáit a chruthú a thiocfaidh in áit toiliú Imeall Trá/Scairbh Ilchríochach.
- Feidhmeanna reatha cead pleanála údarás áitiúil cósta a leathnú go dtí an teorainn sheachtrach de limistéar cois cósta nua-shainithe (féach thíos).
- Cumhachtaí a chruthú d'údaráis áitiúla cósta chun mionfhorbairtí agus mionghníomhaíochtaí sa limistéar cois cósta a rialú.
- Forálacha a chruthú d'oibreacha práinneacha ar gá iad a dhéanamh ar bhonn éigeandála sa limistéar cois cósta chun beatha nó maoin a chosaint.

Conas a fheidhmeoidh an réim nua atá beartaithe?

Beidh an comhthéacs spásúil agus beartais seo á shocrú ag an gCreat Náisiúnta Pleanála Mara agus áirítear ann gnéithe cosúil leis an Ráiteas Beartais maidir le Pleanáil Mara, an Plean Spásúil Mhuirí, treoirlínte bainistíochta forbartha agus ardán coiteann sonraí spásúla a sholáthróidh faisnéis cothrom le dáta agus léiriúcháin spásúla ar fheidhmchláir agus ar thoilithe ceadaithe. [Tuilleadh eolais faoi CNPM](#)

Ceanglófar ar fhorbróirí ionchasacha iarratas maidir le leas pleanála a dhéanamh le hAire ábhartha. Déanann an próiseas seo measúnú ar chumas an fhorbróra an tionscadal a chríochnú agus tá sé beartaithe go bhfeidhmeoidh sé mar gheata isteach chuig an bpróiseas pleanála agus ní mar thoilíú forbartha.

Sa chás go gceadaítear leas pleanála, ansin is féidir le forbróirí ionchasacha leanúint ar aghaidh agus iarratas a dhéanamh ar agus toiliú forbartha a fháil tríd an gcóras ceada pleanála laistigh de fhráma ama ar leith.

Má thugtar cead pleanála, ansin is féidir le forbróirí ionchasacha iarratas a dhéanamh ar Thoilíú Limistéir Mhuirí a dhéileálfaidh le téarmaí airgeadais agus nithe agus oibleagáidí conarthacha áirithe. Ní féidir aon athruithe ábhartha ar thogra ar leith a dhéanamh tríd an bpróiseas seo agus beidh sé riachtanach é a mheas laistigh den chóras ceada pleanála.

Ag an leibhéal is simplí, déanann an leas pleanála breithniú ar an [duine](#), déanann an cead pleanála breithniú ar an [tionscadal](#), agus déanann TLM breithniú ar na saincheisteanna [maoine](#).

Conas a dhéanfar iarratas faoin réim nua

Tá eolas maidir leis na céimeanna a bhaineann leis an bpróiseas iarratais le fáil thíos.

Roimh iarratas a dhéanamh

Is próiseas neamhfhoirmiúil é seo inar cheart d'iarratasóirí rannpháirtíocht a dhéanamh leis an Aire ábhartha, páirtithe leasmhara Stáit, agus an pobal chun bonn láidir a leagan síos d'fheidhmiú an phróisis. Cabhraíonn a leithéid sin de rannpháirtíocht chun tograí a neartú, aird a tharraingt ar dheacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann agus cead a thabhairt teacht ar réiteach go luath roimh iarratas foirmiúil a dhéanamh. Braithfidh scóip an phróisis ar nádúr, scála agus suíomh aon togra ar leith.

Iarratas ar leas pleanála

Beidh ar fhorbróirí ionchasacha iarratas maidir le leas pleanála a dhéanamh leis an Aire ábhartha. Breithneoidh an tAire ábhartha ceistanna mar seo a leanas:

- Cibé an bhfuil nó nach bhfuil an togra ar son leas an phobail
- cibé an duine Oiriúnach agus Cuí an t-iarratasóir nó nach ea, leis an gcumas teicniúil agus airgeadais chun an togra a chur i gcrích agus a fhorbairt.
- Cibé an bhfuil nó nach bhfuil aon choinbhleachtaí soiléire spásúla ann
- Cibé an bhfuil nó nach bhfuil an togra de réir CNPM

Ní dhéanfaidh an tAire ábhartha Measúnacht Tionchair Timpeallachta nó Measúnacht Oiriúnach ar an togra mar go ndéanfar é seo i rith chéim an cheada pleanála. Má cheadaítear 'Leas Pleanála' is éard a bheidh ann geata faoi theorainn ama isteach chuig an gcóras pleanála.

An próiseas roimh iarratas ar chead pleanála a dhéanamh

Maidir le tionscadail níos mó, b'fhéidir go mbeadh rannpháirtíocht leis an mBord Pleanála i ndáil le comhairliúchán foirmiúil roimh iarratas a dhéanamh riachtanach. Beidh sé riachtanach leas pleanála a fháil roimh an rannpháirtíocht seo.

Iarratas ar chead pleanála

Beidh ar fhorbróirí ionchasacha iarratas a chur chuig an mBord Pleanála nó údarás pleanála ábhartha, de réir mar is cuí, lena bhreithniú mar chuid de mhionsonraí an tionscadail. Is ag an gcéim seo a dhéanfar comhairliúchán poiblí foirmiúil, Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Measúnacht Oiriúnach. Dá réir sin, d'fhéadfaí go gceanglófaí ar iarratasóirí Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus/nó Ráiteas Tionchair Natura a chur ar fáil.

Má dhiúltaítear cead pleanála, ní féidir an togra a bhrú chun cinn agus rachaidh an leas pleanála in éag.

Iarratas ar Thoilíú Limistéir Mhuirí

Má thugtar cead pleanála d'fhorbróirí ansin féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar Thoilíú Limistéir Mhuirí chun sealbhú an limistéir mhuirí a chumasú chun an togra a fhorbairt mar atá faofa ag an mBord Pleanála nó ag an údarás pleanála ábhartha. Ní bheidh sé indéanta aon athrú ábhartha a dhéanamh ar an togra laistigh den phróiseas TLM.

Ní dhéanfaidh an tAire ábhartha Measúnacht Tionchair Timpeallachta nó Measúnacht Oiriúnach ar an togra mar go mbeidh sé seo déanta i rith chéim an cheada pleanála agus nach gceadófar aon athruithe ar an togra.

Beidh go leor den bhreithniúchán déanta i gcéim an leasa pleanála agus tá sé beartaithe go ndeimhneoidh an próiseas TLM go príomha nach bhfuil na himthosca athraithe. Meastar go ndéanfar táillí agus téarmaí sealbhaithe TLM a chaighdeánú a

mhéid agus is féidir ionas gur féidir teacht ar thátal éifeachtúil ag an gcéim seo gan gá a bheith le ach a laghad idirbheartaíochta agus is gá.

Conas atá sé beartaithe go nglacfaidh daoine aonair nó eagraíochtaí páirt sa phróiseas cinnteoireachta maidir le haon fhorbairt bheartaithe ar leith faoin réim nua?

Is féidir aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara agus ón bpobal i ndáil le haon fhorbairt bheartaithe sa Limistéar Muirí a dhéanamh i rith na céime forbartha toilithe den seicheamh toilithe. Is féidir aighneachtaí a dhéanamh i rith na nósanna imeachta caighdeánacha comhairliúcháin phoiblí do chead pleanála. Chomh maith leis sin, is féidir leis an mBord Pleanála éisteachtaí ó bhéal a réachtáil i ndáil le hiarratais ar leith más cuí.


Céard é an Limistéar Muirí?

Cuimsítear sa limistéar muirí na codanna den fharraige a bhfuil cearta áirithe ag Éire maidir leo faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dí na Farraige (UNCLOS). [Féach ar shuíomh gréasáin UNCLOS anseo.](#)

Cuimsítear sa limistéar muirí:

- réimsí farraige agus taoidmheara uiscí inmheánacha an Stáit;
- farraige críche an Stáit;
- Limistéar Eisiach Eacnamaíochta an Stáit; agus
- Scairbh Ilchríochach an Stáit.

Síneann an limistéar muirí ón líne bharr láin go dtí teorainneacha seachtracha scairbh ilchríochach na hÉireann. Cuimsítear sa limistéar seo thart ar 490,000 km². Tá limistéar muirí na hÉireann seacht n-uaire níos mó ná méid a mórchríoch. Nuair a chuirtear grinneall na farraige san áireamh, tá imeallbhord 7,500km ag Éirinn, rud a chiallaíonn gurb í Éire ceann de na tíortha is mó san AE.



Beidh sé ainmnithe chun críocha:

- réamhpleanáil (PSM)
- bainistíocht forbartha (cead pleanála)
- toiliú Stáit (Toiliú Limistéir Mhuirí)
- forfheidhmiúchán

Céard é an Limistéar Cois Cósta?

Is éard a bheidh sa limistéar cois cósta limistéar nua ainmnithe le haghaidh gach údarás áitiúil cósta a mbeidh feidhmeanna áirithe cead pleanála agus forfheidhmiúcháin á bhfeidhmiú acu ann. Cinnfear teorainneacha an limistéir cois cósta seo bunaithe ar fhachtóirí cosúil le geografaíocht an imeallbhoird, nithe praiticiúla a bhaineann le teorainneacha údarás áitiúil cósta agus ceisteanna praiticiúla a bhaineann le feidhmeanna údarás áitiúil cósta a fheidhmiú.

Is taobh leis an gcósta a bheidh an limistéar seo agus síneoidh sé cúpla ciliméadar ón líne chladaigh.

Céard é Leas Pleanála?

Tugann leas pleanála an ceart don sealbhóir, le haghaidh tréimhse shonraithe ama, iarratas a dhéanamh ar chead pleanála le haghaidh forbairt shonraithe i gcuid shonraithe den limistéar muirí. Ní cheadaítear leis aon chearta eile don sealbhóir i ndáil leis an limistéar muirí. Ceann de na coinníollacha a bhaineann le leas pleanála a cheadú is ea gur ceart don sealbhóir iarratas a dhéanamh ar chead pleanála don fhorbairt shonraithe laistigh de shaolré an leasa pleanála.

Ceadaíonn an tAire ábhartha leas pleanála, an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, nó an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, ag brath ar nádúr na forbartha atá beartaithe. Leanfar le forbairt agus gníomhaíochtaí arb é an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara an tAire iomchuí lena n-aghaidh faoi Alt 1B den Acht Imeach Trá, 1933 a rialú faoin Acht Imeach Trá, agus tá siad eisiata ó na socruithe nua don limistéar muirí.

Is geata isteach chuig an gcóras pleanála d'fhorbairt sa limistéar muirí é leas pleanála. Ní chead pleanála atá i gceist. Ní féidir ach le húdarás pleanála cósta nó An Bord Pleanála chead pleanála a cheadú d'fhorbairt sa limistéar muirí. Ní féidir chead pleanála le haghaidh forbairt i limistéar muirí a cheadú ach do shealbhóir leas pleanála.

Níl chead ag sealbhóir leas pleanála, nuair atá iarratas á dhéanamh ar chead pleanála d'fhorbairt, togra an tionscadail, lenár ceadaíodh an leas pleanála, a athrú ar bhealach ábhartha. Ceanglaítear ar an bhforbróir iarratas a dhéanamh chuig an Aire ábhartha chun an leas pleanála a leasú má tá athruithe ábhartha molta.

Is ábhar eisiach don chóras pleanála a bheidh sa mheasúnacht tionchair ar an bhforbairt agus ní ceist é seo don Aire ábhartha a cheadaíonn an leas pleanála.

Ní chiallaíonn leas pleanála a cheadú go gceadófar go huathoibríoch toiliú limistéir muirí don fhorbairt do shealbhóir leas pleanála, má thugtar chead pleanála le haghaidh forbairt. Is cinneadh ar leithligh é seo don Aire ábhartha.

Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir le leas pleanála a cheadú nó gan é a cheadú d'iarratasóir, deimhneodh an tAire ábhartha go bhfuil an fhorbairt bheartaithe ag teacht go ginearálta leis an gCreat Náisiúnta Pleanála Mara agus beartais ábhartha eile, ach ní bheidh measúnacht á déanamh ag an Aire ar mhionsonraí na forbartha. I measc na bhfachtóirí cinniúnacha eile nach mór don Aire ábhartha iad a chur san áireamh tá cineál, nádúr, scóip agus fairsinge na forbartha beartaithe, leas an phobail, lena n-áirítear buntáistí don Stát, slándáil an tsoláthair fuinnimh don Stát, agus, áit ar cuí, feidhmíocht roimhe seo an iarratasóra faoi aon toiliú ábhartha ceadaithe ag an Stát.

Nuair a bhíonn iarratas ar leas pleanála á bhreithniú, déanfaidh an tAire ábhartha cinneadh freisin maidir le cibé an duine oiriúnach agus cuí an duine nó nach ea chun leas pleanála a cheadú dó nó di, agus cibé an bhfuil an acmhainn airgeadais agus theicniúil aige nó aici nó nach bhfuil chun an fhorbairt bheartaithe a chur i gcrích.

Féadfaidh an tAire ábhartha níos mó ná leas pleanála amháin a cheadú don chuid chéanna den limistéar muirí sa chás nach gcuireann na forbairtí beartaithe isteach go hábhartha ar a chéile. Sa chás gur ann d'iarratais bhailí iomaíocha don chuid chéanna den limistéar muirí, féadfaidh an tAire ábhartha socrú a dhéanamh go ndéanfaí an leas pleanála a chur ar ceant do na hiarratasóirí ábhartha trí phróiseas tairisceana a reáchtáil a bheidh teoranta do na hiarratasóirí sin.

Sonrófar na táillí a bhaineann le hiarratas a dhéanamh ar leasanna pleanála i rialacháin atá le déanamh ag an Aire ábhartha.

Céard é Toiliú Limistéir Mhuirí?

Tugann toiliú limistéir mhuirí (TLM) an ceart don sealbhóir cuid shonraithe den limistéar muirí a shealbhú ar feadh tréimhse shonraithe ama, chun críocha forbairt shonraithe. Féadfar TLM a cheadú le haghaidh úsáid eisiach nó neamheisiach cuid shonraithe den limistéar muirí. Ní mór go mbeadh na cearta ceadaithe faoi TLM do na comhpháirteanna den limistéar muirí comhsheasmhach le forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS).

Ceadaíonn an tAire ábhartha TLM, an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil nó an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, ag brath ar nádúr na forbartha atá beartaithe. Leanfar le forbairt agus gníomhaíochtaí arb é an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara an tAire iomchuí lena n-aghaidh faoi Alt 1B den Acht Imeach Trá, 1933 á rialú faoin Acht Imeach Trá, agus tá siad eisiata ó na socruithe nua don limistéar muirí.

Ní cheadófar TLM ach do shealbhóir leas pleanála a bhfuil cead pleanála faighte aige/aici don fhorbairt atá beartaithe (sa chás go dteastaíonn cead pleanála – i.e., i bhformhór na gcásanna).

I bhformhór na gcásanna, éileoidh TLM íocaíocht i bhfoirm cíosa, táille nó íocaíocht bhliantúil eile a chur ar fáil don Aire ábhartha. Cinnfear an íocaíocht bhliantúil bunaithe ar phróiseas luachála nó muirir chaighdeánacha, de réir mar is cuí.

Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh ag an Aire ábhartha TLM a cheadú d'iarratasóir, déanfaidh an tAire iomchuí cinneadh maidir le cibé an duine oiriúnach agus cuí an duine nó nach ea chun TLM a cheadú dó nó di, agus cibé an bhfuil nó nach bhfuil an acmhainn airgeadais agus theicniúil aige nó aici chun an fhorbairt a chur i gcrích. I measc na bhfachtóirí cinniúnacha eile atá le cur san áireamh ag an Aire iomchuí tá cineál, nádúr, scóip agus fairsing na forbartha atá beartaithe, leas an phobail, lena n-áirítear buntáistí don Stát, aon athrú ar na himthosca, cumais nó

critéir eile ar a bhfuil an cinneadh leas pleanála a cheadú bunaithe, téarmaí airgeadais cuí, agus aon chritéir bhreise atá oiriúnach don chineál forbartha a d'fhéadfadh an tAire iomchuí a leagan síos sna rialacháin.

Ceadaítear TLM ar an gcoinníoll go bhfuil tús substainteach curtha le forbairt laistigh de shaolré an cheada pleanála agus/nó laistigh de na frámaí ama sonraithe ag an Aire iomchuí. Ní mór an fhorbairt a chríochnú laistigh den am sonraithe sa TLM nó de réir mar atá comhaontaithe leis an Aire iomchuí.

Éileoidh aon leasuithe ábhartha ar fhorbairt atá beartaithe i ndiaidh cead pleanála a fháil frithdhílse don chóras pleanála le haghaidh aon mheasúnacht agus athbhreithniú riachtanach ar an gcead tugtha nó chun cead nua a thabhairt de réir mar is cuí.

Tá oibleagáid dhlíthiúil ar TLManna na codanna sin den limistéar mhuirí a bhfuil tionchar ag feidhmiú an TLM orthu a athchóiriú nó a chothabháil, roimh ghéilleadh, foirceannadh nó éag. Leagfar amach clár d'athchóiriú nó do chothabháil amach anseo an limistéir mhuirí i sceideal a ghabhann leis an TLM, a bheidh faoi réir nuashonrú tréimhsiúil. I measc na roghanna don fhoráil a d'fhéadfaí a dhéanamh sa sceideal tá díchoimisiúnú struchtúr, baint struchtúr, athúsáid nó athearraíocht a bhaint as struchtúr, agus athchóiriú/athshlánú an limistéir mhuirí.

Áireofar i ngach TLM clásal slánaíochta a chiallaíonn go bhfuil an tAire ábhartha agus an Stát á slánú ag an sealbhóir i gcoinne aon éileamh dlí ag eascairt óna c(h)earta a bheith á bhfeidhmiú ag an sealbhóir faoin TLM.

Agus iarratas á bhreithniú le haghaidh TLM, ní cheanglaítear ar an Aire ábhartha, i gcás iarratais chun TLM a mhionathrú nó iarratais chun TLM a shannadh, measúnacht tionchair timpeallachta nó measúnacht oiriúnach nó scagthástáil a dhéanamh lena aghaidh, mar go mbeifear tar éis déileáil leis na nithe seo cheana féin nuair a bhí an t-iarratas ar chead pleanála á phróiseáil.

Céard é an difríocht idir toiliú Stáit agus toiliú forbartha?

Rialóidh toiliú Stáit, faoin toiliú limistéir mhuirí nua, sealbhú an limistéir mhuirí de réir na gceart tugtha don Stát faoi UNCLOS don chrios mara ar leith. Rialóidh an toiliú seo nithe cosúil le téarmaí airgeadais agus nithe conarthacha a bhaineann leis an ngairm i.e., oibleagáidí agus cearta faoin toiliú.

Braithfidh cibé an mbeidh nó nach mbeidh an fhorbairt ceadaithe faoi na dlíthe pleanála ar thoiliú forbartha (cead pleanála) agus, má cheadaítear, rialóidh sé nithe a bhaineann leis an bhforbairt féin i.e., breithniúcháin chomhshaoil, comhlíonadh le forbairt phleanála agus inbhuanaithe chuí an limistéir i gceist, agus coinníollacha sonracha forbartha a bheidh i bhfeidhm i ndáil leis an togra.

Ní bheidh forbróirí in ann aon togra a athrú go hábhartha tríd an toiliú limistéir mhuirí. Beidh sé riachtanach aon athruithe ábhartha a mheas laistigh den chóras toilithe

forbartha. Ní bheidh aon ról ag Airí Ábhartha sa nós imeachta toilithe forbartha seachas leas pleanála a cheadú nó a dhiúltú d'iarratasóir. Ceadáíonn leas pleanála a thabhairt do mholtóirí tionscadail iarratas toilithe forbartha a dhéanamh.

Céard iad Airí iomchuí agus céard a dhéanfaidh siad?

Beidh Airí iomchuí freagrach as breithniúchán iarratas do leasanna pleanála agus toilithe limistéir mhuirí agus a leithéid a fhaomhadh nó diúltú dóibh.

Ceadóidh an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus an Chomhshaoil toilithe limistéir mhuirí (TLManna) le haghaidh cineálacha forbartha laistigh dá shainchúram beartais, e.g., fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta, stóráil gás nádúrtha ar muir, idirnascairí leictreachais agus cáblaí fomhuirí teileachumarsáide.

Beidh TLManna le haghaidh gach cineál forbartha eile á gceadú ag Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Céard iad Criosanna Straitéiseacha Gníomhaíochta Mara?

Is coincheap é ainmniú Criosanna Straitéiseacha Gníomhaíochta Mara atá cosúil le hainmniú Criosanna Straitéiseacha Forbartha (CSFanna) laistigh den chóras pleanála críche.

Ainmniú Criosanna Straitéiseacha Gníomhaíochta Mara (CSGM)

Má shíleann an Rialtas go mbaineann tábhacht gheilleagrach, shóisialta nó chomhshaoil don Stát le gníomhaíocht shonraithe, ansin is féidir leis ordú a dhéanamh chun aon chuid den limistéar mhuirí a ainmniú chun crios straitéiseach a bhunú ann chun a leithéid de ghníomhaíocht a éascú.

Scéim Pleanála Mara do Chriosanna Straitéiseacha Gníomhaíochta Mara

I ndiaidh ordú a dhéanamh, ullmhóidh an tAire iomchuí dréachtscéim pleanála mara i ndáil leis an CSGM ar fad nó cuid de.

Ullmhófar an chéad dréachtscéim pleanála mara maidir le CSGM ar fad nó cuid de nach déanaí ná 2 bhliain i ndiaidh an ordaithe a dhéanamh chun an crios a ainmniú.

Is éard a bheidh i gceist i ndrúachtscéim pleanála mara faoin roinn seo ráiteas scríofa agus plean ina léirítear an tslí ina bhfuil sé beartaithe an CSGM nó cuid den chrios atá ainmnithe le húsáid agus go háirithe:

- na cineálacha forbartha ceadaithe
- dearadh na forbartha atá beartaithe, lena n-áirítear uasairdí agus dealramh,

- soláthar seirbhísí gaolmhara sa chrios, lena n-áirítear cumhacht, dramhaíl etc
- na tograí a bhaineann le haon iarmhairtí díobhálacha ar an gcomhshaol a íoslaghdú

Scéim Pleanála Mara a fhorbairt

Reáchtálfaidh an tAire iomchuí comhairliúchán ar an dréachtscéim pleanála mara ar feadh tréimhse shonraithe de nach lú ná 6 seachtaine, tréimhse inar féidir aighneachtaí nó breathnóireachtaí i scríbhinn a bhreithniú nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir leis an scéim.

I ndiaidh thréimhse an chomhairliúcháin, foilseoidh an tAire iomchuí tuarascáil ar a liostófar na daoine nó na comhlachtaí leis na haighneachtaí nó breathnóireachtaí déanta i dteannta le freagraí na nAirí ar na haighneachtaí seo.

Cuirfidh an tAire iomchuí pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an CSGM san áireamh, forálacha an Chreata Náisiúnta Pleanála Mara, caomhnú aon Suíomh Eorpach agus an éifeacht a bheadh ag an scéim ar aon limistéir mhara chomharsanacha agus ansin:

- a. déanfaidh an tAire an dréachtscéim pleanála mara, nó
- b. déanfaidh an tAire an scéim faoi réir éagsúlachtaí agus mionathruithe, nó
- c. ní dhéanfaidh an tAire an dréachtscéim pleanála mara.

Nuair a bheidh an Scéim Pleanála mara déanta áireofar é mar chuid den Chreat Náisiúnta Pleanála Mara agus déanfar cinntí toilithe sa chomhthéacs sin.

Conas a dhéanfar bainistíocht ar fhorbairt ag deireadh

TLM?

Foráiltear i gCeannteideal 37 (Oibleagáidí ar Shealbhóirí TLM roimh Fhoirceannadh nó Éag) do fhreagrachtaí 'Díchoimisiúnaithe' shealbhóirí Toiliú Limistéir Mhuirí (TLM) roimh dheireadh théarma TLM.

Ní mór go n-áireofaí sa sceideal TLM atá le comhaontú le hiarratasóir clár iomlán d'athchóiriú nó do chothabháil amach anseo. Ansin beidh an clár athchóirithe faoi réir uasdátú tréimhsiúil á dhéanamh ag an iarratasóir. Ní mór don Aire iomchuí a chinntiú go bhfuil foráil déanta le haghaidh clár athchóirithe shásúil sular féidir TLM a cheadú. Cabhraíonn sé seo lena chinntiú go bhfuil dliteanais agus costais ar an Stát, agus ar an bpobal i ndeireadh na dála, á n-íoslaghdú.

I bhfianaise fhairsinge na bhforbairtí mhuirí a d'fhéadfadh a bheith i gceist, teastaíonn solúbthacht i ndáil leis na gcaoi ar cheart athchóiriú a dhéanamh agus na modhanna ba cheart a úsáid lena aghaidh.

Faoi Cheannteideal 37, ciallaíonn “athchóiriú nó cothabháil” athchóiriú chuig coinníoll bunaidh an limistéir mhuirí nó chuig leibhéal comhaontaithe ag an Aire iomchuí agus d'fhéadfaí go n-áireofaí ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas ann:

- Díchoimisiúnú na struchtúr;
- Fáil réidh leis na struchtúir ina n-iomláine;
- Fáil réidh le cuid de na struchtúir;
- Struchtúir a athúsáid don chríoch céanna nó do chríoch eile lena n-áirítear “athchumhachtú”;
- Athchóiriú an limistéir mhuirí chun sástachta an Aire iomchuí;
- Struchtúir a chur faoi thalamh nó a chásáil;
- Fáil réidh le haon ábhar sil-leagtha nó dramhaíola, agus
- Aon mhodh eile d'athshlánú sásúil an limistéir mhuirí le haghaidh úsáidí eile nó ní gá go mbeadh úsáid ar bith i gceist.

D'fhéadfaí go leagfaí amach oibleagáidí, ceanglais agus nósanna imeachta breise i rialacháin a cheadaíonn solúbthacht chomh fada is a bhaineann le díchoimisiúnú a bhainistiú amach anseo.

Ní bheidh cead ag sealbhóirí Toiliú Limistéir Mhuirí a TLM a ghéilleadh nó a fhoirceannadh go dtí go bhfuil a gcuid oibleagáidí curtha i bhfeidhm go sásúil acu. Nuair a bhíonn an t-am oiriúnach d'athchóiriú nó do chothabháil an limistéir mhuirí, beidh oibleagáid ar an sealbhóir TLM freisin na toilithe riachtanacha a fháil chun na hoibreacha a údarú, cead pleanála san áireamh.

Ceist forfheidhmiúcháin a bheidh i dteip tabhairt faoi oibleagáidí athchóirithe deireadh téarma. Ina theannta sin, d'fhéadfadh go mbeadh pionóis airgeadais conarthacha le n-íoc ag sealbhóirí TLM má theipeann orthu cloí leis an gclár athchóirithe/cothabhála comhaontaithe.

Conas a chaithear le dreidireacht chothabhála faoin réim nua?

Is feiniméin nádúrtha iad dríodró agus sioltachán agus cruthaíonn siad dúshlán leanúnach do loingseoireacht aibhneacha na hÉireann agus d'inrochtaineacht calafort.

Déantar idirdhealú idir dreidireacht chothabhála agus dreidireacht chaipitil. Tá an sainmhíniú atá luaite le Forbairt á leasú chun gníomhaíocht chothabhála dreidireachta a chur san áireamh agus áireofar é laistigh den chóras ceada pleanála.

Áireofar i measc a leithéid sin de ghníomhaíochtaí:

- cainéil agus beartanna a choimeád ag doimhneachtaí uisce de réir na gcairteacha loingseoireachta,
- báisíní casta a chur ar fáil do longa, nó
- doimhneacht uisce oiriúnach a chothabháil ar shlí eile feadh saoráidí cois uisce de réir na gcairteacha loingseoireachta;

De bhrí go bhfilleann an limistéar muirí ar choinníoll roimhe mar thoradh ar dhreidireacht chothabhála agus nach ann do bhreithniú buan sealbhaithe maidir lena leithéid de ghníomhaíochtaí a dhíolmhú ón gceanglas a bhaineann le TLM ó tharla roinnt oibleagáidí reachtacha ábhartha a bheith á gcur i bhfeidhm ina ionad.

Os a choinne sin, mar chuid den scrúdú níos leithne ar dhíolúintí pleanála sa chomhthéacs muirí breithneofar díolúint ó chead pleanála a thabhairt do ghníomhaíochtaí dreidireachta beaga nó beagbhríocha. Mar a bhíonn i gceist i ndáil le gach díolúine, má chinntear bunaithe ar scagthástáil measúnachta oiriúnach gur cheart Ráiteas Tionchair Natura a chur i dtoll a chéile, tiocfaidh deireadh leis an díolúine agus beidh gá le pleanáil.

Nuair a bhí ábhar á dhiúscairt san fharraige, beidh gá fós le ceadúnas Dumpáil san Fharraige ón GCC.

Conas a chaithear le Suirbhéanna Timpeallachta Mara faoin réim nua?

Is réamhghníomhaíochtaí iad suirbhéanna timpeallachta mara (nó iniúchtaí láithreáin) atá riachtanach go minic chun iarratais ar chead pleanála a ullmhú. Tá raon éagsúil gníomhaíochtaí i gceist lena n-áirítear breathnóireacht, oibreacha geofisiceacha agus geoiteicniúla, druileáil tollpholl agus greimshampláil, gníomhaíochtaí bunúsacha chomh fada is a bhaineann le mionscrúdú tionscadail agus dearaidh a bhíonn le déanamh ag forbróirí ionchasacha.

Tá an sainmhíniú atá luaite le Forbairt á leasú chun Suirbhéanna Timpeallachta Mara a chur san áireamh agus áireofar iad laistigh den chóras ceada pleanála. Tá breithniúchán á dhéanamh ar ghníomhaíochtaí neamh-ionsáite áirithe a dhíolmhú ón ngá atá le chead pleanála. Mar a bhíonn i gceist i ndáil le gach díolúine, má chinntear bunaithe ar scagthástáil measúnachta oiriúnach gur cheart Ráiteas Tionchair Natura a chur i dtoll a chéile, tiocfaidh deireadh leis an díolúine agus beidh gá le pleanáil.

Is é an aidhm atá leis an mbille nósanna imeachta comhréireacha teasctha Stáit a chur i bhfeidhm le haghaidh Suirbhéanna Timpeallachta Mara.

An mbeidh gach iarratas TLM faoi réir phróiseas toilithe iomlán an Stáit?

Samhlaítear i gCeannteideal 40 go mb'fhéidir go mbeadh nós imeachta teasctha simplí chun TLManna a bhreithniú le haghaidh mionsealbhú an limistéir mhuirí i bhfeidhm sa chás go bhféadfadh a leithéid d'fhorbairt a bheith díolmhaithe faoi reachtaíocht pleanála, agus le haghaidh cineálacha forbartha eile a éilíonn mionsealbhú nó sealbhú sealadach an limistéir mhuirí, cosúil le suirbhéanna timpeallachta mara agus gníomhaíochtaí áirithe sonraithe. Déanfaidh an ceannteideal seo foráil le haghaidh cumhachtaí a sholáthar chun gníomhaíochtaí áirithe a dhíolmhú ón gceanglas le haghaidh toiliú limistéir mhuirí (TLM) cosúil le gníomhaíochtaí atá faoi réir réim toilithe reachtach eile: Dumpáil san Fharraige, Suirbhéanna Seandálaíochta, an tAcht Siltin Airtéirigh, agus Comharthaí Loingseoireachta.

Céard iad na hathruithe atá á ndéanamh ar an gcóras pleanála?

Tá achoimre ar na príomhathruithe atá beartaithe don chóras pleanála le fáil thíos:

- Leasú ar an sainmhíniú ar fhorbairt lena chinntiú go n-áirítear gníomhaíochtaí mara ábhartha laistigh den chóras pleanála. Áireofar ina measc seo Suirbhéanna Timpeallachta mara agus Dreidireacht Chothabhála.
- Tá síneadh á chur leis na forálacha a bhaineann le cead pleanála críche chun an limistéar cois cósta nua a chur san áireamh chomh fada is a bhaineann le húdarais phleanála agus leis an mBord Pleanála.
- Déanfar na forálacha reatha a bhaineann le cead pleanála críche a fhairsingiú agus cuirfear breithniúcháin bhreise ghaolmhara mara agus cumhachtaí déanta coinníollacha i bhfeidhm.
- Nós imeachta pleanála neamhspleách nua atá le cur i bhfeidhm ag an mBord Pleanála le haghaidh forbairt amach ón gcósta atá samhaltaithe ar fhorálacha reatha an bhonneagair straitéisigh.
- Déanfar athbhreithniú ar dhíolúintí ó chead pleanála chomh fada is a bhaineann lena n-oiriúnacht i gcomhthéacs na timpeallachta mara.

Céard iad na cineálacha forbartha a mbeidh An Bord Pleanála freagrach astu in iarratais toilithe forbartha?

- Forbairt Amach ón gCósta cosúil le tionscadail fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta

- Cineálacha forbartha atá laistigh dá sainordú cheana féin cosúil le Bonneagar Straitéiseach
- Gach forbairt atá suite go hiomlán lastall den limistéar cois cósta
- Forbairt de chuid an údaráis áitiúil a éilíonn measúnacht tionchair timpeallachta agus/nó measúnacht oiriúnach

Céard iad na cineálacha forbartha a mbeidh Údaráis Áitiúla freagrach astu in iarratais toilithe forbartha?

- Forbairt níos lú laistigh den limistéar cois cósta de na cineálacha céanna forbartha lena shainordú críche.
- Forbairt de chuid an Údaráis Áitiúil nach n-éilíonn measúnacht tionchair timpeallachta nó measúnacht oiriúnach.
- Cineálacha forbartha nua cosúil le suirbhéanna timpeallachta mara agus dreidireacht chothabhála

An gciallaíonn an Bille PBFM nua go mbeidh an tAcht Imeall Trá á aisghairm?

Ní chiallaíonn. Ainneoin, faoin réim nua, nach mbeidh toilithe imeall trá á gceadú ag an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil faoi Acht Imeall Trá feasta, leanfar le toilithe reatha imeall trá a rialú faoin Acht sin.

Beidh feidhm fós ag an Acht Imeall Trá lena chinntiú gur féidir leanúint le feidhmeanna imeall trá an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, cosúil leis na forbairtí agus gníomhaíochtaí seo:

- a bhaineann le hionad calafoirt iascaigh.
- a bhaineann le feidhm i ndáil le:
 - aon ghníomhaíocht atá dírithe go hiomlán nó go príomha ar úsáid, forbairt nó tacaíocht an dotharshaothraithe, nó
 - aon ghníomhaíocht atá dírithe go hiomlán nó go príomha ar úsáid, forbairt nó tacaíocht d'iascaireacht mhara, lena n-áirítear próiseáil agus díol iasc mara agus déantúsaíocht táirgí atá fréamhaithe in éisc mhara.

Tá léas/ceadúnas imeall trá i mo sheilbh faoi láthair, céard a tharlóidh faoin réim nua?

Beidh feidhm fós le léasanna agus ceadúnais ceadaithe faoin Acht Imeall Trá, 1933. Déanfar toilithe ceadaithe faoi na réimeanna reatha a bhainistiú faoin reachtaíocht

ábhartha reatha go dtí go moltar éag, foirceannadh, sannadh nó aon athrú ábhartha – agus ag an tráth sin beidh sé riachtanach iarratas nua a dhéanamh faoin réim nua.

Céard é an Cur Chuige Beartaithe le haghaidh Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta faoi PBFM?

Chomh fada is a bhaineann leis an réim Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta (ORE) a bheidh ann amach anseo, soláthraíonn PBFM solúbthacht chun glacadh le cur chuige ‘láraithe’ agus ‘díláraithe’ maidir le forbairt tionscadal fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta. Is roghanna féideartha iad an dá shamhail seo a bhféadfadh Éire úsáid a bhaint astu chun ORE a fhorbairt agus is den tábhacht é go ndéanann an Bille PBFM foráil don Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil (ACGAC) ionas go mbeidh sé in ann glacadh le hiarratais ar agus Toilithe Limistéir Mhuirí a cheadú faoin dá shamhail.

Cloíonn an cur chuige díláraithe go dlúth leis an bpróiseas ginearálta atá sonraithe in PBFM agus cuirtear an méid seo a leanas leis (1) sainaitheint Criosanna Straitéiseacha Limistéir Mhuirí le haghaidh forbairt ORE de réir an Chreata Náisiúnta Pleanála Mara (CNPM) roimh chéim an leasa pleanála agus (2) agus próiseas iomaíoch le haghaidh tacaíocht fóirdheontais sula gceadaítear Toiliú Limistéir Mhuirí.

Faoin gcur chuige láraithe, sainaitheofar criosanna le haghaidh forbairt ORE chomh maith, ach d’fhéadfadh MCCAÉ eintiteas a ainmniú chun tabhairt faoi fhorbairt eangaí a bhféadfaí a áireamh ann roghnú suímh agus ceadanna cuí a fháil i ndáil le nasc eangaí chun tuilleadh forbartha ORE a déanamh ag forbóirí tríú páirtí a éascú.

Faoin dá shamhail, tá sé beartaithe go mbunóidh an MCCAÉ próiseas iomaíoch chun tacaíocht airgeadais a cheadú, faoi Alt 39 (2)(b) den Rialachán Leictreachais, do thionscadail in-athnuaite amach ón gcósta. Reáchtáiltear an próiseas iomaíoch seo sula gceadaíonn ACGAC Toiliú Limistéir Mhuirí.

Forléargas ar an Seicheamh Toilithe ORE atá Beartaithe

Cur chuige na Samhla Díláraithe

1. An Creat Náisiúnta Pleanála Mara (CNPM)	<ul style="list-style-type: none">Is é an Rialtas a bhunaíonn Criosanna Straitéiseacha Limistéir Mhuirí.
2. Leas Pleanála	<ul style="list-style-type: none">Is é an tAire a fhorbraíonn Scéim Pleanála Mara (faoi réir comhairliúcháin phoiblí).Faigheann an tAire iarratais ar Leas Pleanála le haghaidh ORE ó Fhorbróirí.

<p>3. Toiliú Forbartha</p>	<ul style="list-style-type: none"> I ndiaidh Leas Pleanála a fháil ón Aire, d'fhéadfadh an Forbróir cead a lorg iarratas a dhéanamh ar an mBord Pleanála le haghaidh Toiliú Forbartha. Tá iarratais faoi réir comhairliúcháin phoiblí.
<p>4. Próiseas an Chomórtais</p>	<ul style="list-style-type: none"> Féadfaidh an tAire próiseas iomaíoch a bhunú chun tacú le tionscadail a bhfuil Leas Pleanála agus Toiliú Forbartha ón mBord Pleanála faighte acu Áireofar i dTéarmaí agus Coinníollacha an phróisis socruithe le haghaidh rochtain air agus an mheicníocht luchtaithe le haghaidh nascadh le agus úsáid a bhaint as an gcóras tarchurtha/dáileacháin leictreachais mar atá leagtha amach faoi alt 35 d'Acht um Rialáil Leictreachais 1999.
<p>5. Toiliú Limistéir Mhara</p>	<ul style="list-style-type: none"> Ní cheadaíonn an tAire Toiliú Limistéir Mhara ach do thionscadail a chomhlíonann na critéir seo a leanas; <ol style="list-style-type: none"> Tá Leas Pleanála ceadaithe, Tá Toiliú Forbartha faighte, agus; D'éirigh leis an tionscadal sa phróiseas iomaíoch bunaithe ag an Aire faoi Alt 39 den Acht um Rialáil Leictreachais

*** Is é an tAire dá dtagraítear dó sa tábla seo an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil**

Cur chuige na Samhla Láraithe

<p>1. An Creat Náisiúnta Pleanála Mara (CNPM)</p>	<ul style="list-style-type: none"> Is é an Rialtas a bhunaíonn Criosanna Straitéiseacha Limistéir Mhuirí.
<p>2. Leas Pleanála</p>	<ul style="list-style-type: none"> Is é an tAire a fhorbraíonn Scéim Pleanála Mara (faoi réir comhairliúcháin phoiblí). Roghnaíonn an tAire/Comhlacht Forbartha ORE suíomhanna d'fhorbairt ORE agus ní fhaightear iarratais ar leasanna pleanála aonair.
<p>3. Toiliú Forbartha</p>	<ul style="list-style-type: none"> Cuireann Comhlacht Forbartha ORE/TSO iarratas isteach ar shuíomhanna chuig an mBord Pleanála chun Toiliú Forbartha a

	fháil.
4. Próiseas an Chomórtais	<ul style="list-style-type: none"> • Féadfaidh an tAire próiseas iomaíoch a bhunú do thacaíocht don cheart suiteáil ORE a fhorbairt agus a fheidhmiú laistigh den chrios ainmnithe. Bíonn sé de cheart ag na tairgeoirí a n-éiríonn le suíomh ORE a thógáil agus a fheidhmiú. • Mar thoradh ar phróiseas iomaíoch bheadh cuid den tobhach oibleagáide seirbhíse poiblí dá bhforbairt ORE á chur ar fáil mar a fhoráiltear dó faoi Alt 39 d’Acht Leictreachais 1999. • Áireofar i dTéarmaí agus Coinníollacha an phróisis socruithe le haghaidh rochtain air agus an mheicníocht luchtaithe le haghaidh nascadh le agus úsáid a bhaint as an gcóras tarchurtha/dáileacháin leictreachais mar atá leagtha amach faoi alt 35 d’Acht um Rialáil Leictreachais 1999.
5. Toiliú Limistéir Mhara	<ul style="list-style-type: none"> • Ní cheadaíonn an tAire Toiliú Limistéir Mhara ach do thionscadail a chomhlíonann na critéir seo a leanas <ol style="list-style-type: none"> 1) Tá Toiliú Forbartha faighte, 2) D’éirigh leis an tionscadal sa phróiseas iomaíoch bunaithe ag an Aire faoi Alt 39 den Acht um Rialáil Leictreachais.

*** Is é an tAire dá dtagraítear dó sa tábla seo an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil**

Céard iad na socruithe idirthréimhseacha atá beartaithe do thionscadail ORE?

Tá sé beartaithe go mbeadh an cur chuige i ndáil leis an mbealach a dhéileáiltear le tionscadail áirithe gaoithe amach ón gcósta i gcomhthéacs Bhille PBFM, 2020 á rialú ag an bprótacal in Aguisín 4. Tá sé beartaithe go mbeidh an treoir seo ag cabhrú leis an dianphlé reatha agus leanúnach le forbróirí a leithéid sin de Thionscadail Iomchuí.

Giorrúcháin

MO	Measúnacht Oiriúnach
ABP	An Bord Pleanála
CSE	Coimisinéirí Soilse na hÉireann
RTBM	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
RCGAC	An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar Son na hAeráide agus Comhshaoil
RTPRA	An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
RITS	An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
LEE	Limistéar Eisiach Eacnamaíochta
MTT	Measúnacht Tionchair Timpeallachta
GCC	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
LBL	Líne Bharr Láin
UA	Údarás Áitiúil
TLM	Toiliú Limistéir Mhuirí
LMIT	Leasú Mara agus Imeall Trá (dréacht-Bhille)
ATPRA	An tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
GSRM	Grúpa Stiúrtha na Reachtaíochta Mara
PBFM	An Bille um Pleanáil agus Bainistíocht Forbartha Mara (Bille)
RBPM	An Ráiteas Beartais maidir le Pleanáil Mara
PSM	Pleanáil Spásúil Mhuirí
CNPM	An Creat Náisiúnta Pleanála Mara
OAA	Oifig an Ard-Aighne
ORE	Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta
APF	Achtanna um Pleanáil agus Forbairt (mar atá leasaithe)
TFI	An Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite
STFI	Scéim Tacaíochta d'Fhuinneamh In-athnuaite
UCIM	An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara
CSGM	Crios Straitéiseach Gníomhaíochta Mara
UNCLOS	Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige

Aquisín 1 Forléargas ar an Scéim

Soláthraítear i Scéim Ghinearálta an Bhille PBFM sonraí maidir leis an réim atá beartaithe a chur i bhfeidhm i limistéar muirí na hÉireann chun na gcríoch seo a leanas: Pleanáil Chun Cinn, Toiliú Stáit, Toiliú Forbartha, Comhlíontacht agus Forfheidhmiúchán. Tá 136 ceannteideal i 7 gcuid sa Scéim:

Cuid 1: Réamhráiteach agus Ginearálta

Cuid 2: Mínithe agus Léiriú

Cuid 3: Pleanáil Chun Cinn

Cuid 4: Toiliú Limistéir Mhuirí

Cuid 5: Forbairt Bainistíochta

Cuid 6: Forfheidhmiú

Cuid 7: Leasuithe ar reachtaíocht eile

Cuid 1: Réamhráiteach agus Ginearálta

Áirítear i gCuid 1 den Bhille forálacha a bhaineann le gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme. Áirítear sa chuid seo freisin forálacha a bhaineann le foilsiú Ráiteas Beartais maidir le Pleanáil Mara agus déantar foráil lena chur ar chumas an Aire treoirlínte pleanála mara a eisiúint chun cabhrú le húdaráis phleanála. Foráiltear ann freisin le haghaidh teorannú ar an mbaint atá ag Aire le cinnteoireacht toilithe forbartha cosúil leis na forálacha reatha a bhaineann le pleanáil chríche.

Cuid 2: Sainmhínte agus Léiriú

Déantar foráil i gCuid 2 le haghaidh sainmhínte coiteanna do léiriú an Bhille. Sainmhínítear sa chuid seo Limistéar Muirí na hÉireann a bheidh ag síneadh ón Líne Bharr Láin go dtí teorainn sheachtrach Scairbh Ilchríochach an Stáit. Áirítear sa Limistéar Muirí:

- a. Réimsí farraige agus taoidmheara uiscí inmheánacha an Stáit,
- b. Farraige Chríche an Stáit,
- c. Limistéar Eisiach Eacnamaíochta an Stáit agus
- d. Scairbh Ilchríochach an Stáit.

Tá na téarmaí seo comhsheasmhach lena bhfuil le fáil sa Bhille Dlíne Muirí atá le teacht. Foráiltear sa chuid seo freisin d'aimniú limistéar cois cósta nua ina mbeidh feidhmeanna áirithe pleanála agus forfheidhmiúcháin á bhfeidhmiú ag údaráis áitiúla.

Cuid 3: Pleanáil Chun Cinn

Foráiltear i gCuid 3 le haghaidh athshonrú an Bhille seo sa bhonn dlí reatha le haghaidh pleanáil spásúil mhuirí, atá le fáil i gCuid 5 d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2018 (Leasú). Tugtar isteach sa Chuid seo freisin forálacha breise chun Criosanna Straitéiseacha Gníomhaíochta Mara (CSGManna) a ainmniú. Ceadáíonn na forálacha seo cuid den limistéar muirí a ainmniú chun crios a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí a mbaineann tábhacht gheilleagrach, shóisialta nó chomhshaoil leo.

Tá forálacha san áireamh freisin chun scéim pleanála mara a fhorbairt le haghaidh CSGM.

Cuid 4: Toiliú Limistéir Mhuirí

Foráiltear sa chuid seo le haghaidh réim toilithe nua Stáit atá le bainistiú ag Airí iomchuí. Díreoidh an réim nua seo ar chumas na bhforbróirí ionchasacha tionscadail bheartaithe a chur i gcrích agus rialóidh an réim nua seo sealbhú an limistéir mhuirí. Ní bheidh measúnacht á déanamh ag Aire iomchuí ar mhionsonraí ag leibhéal tionscadail nó ní bheidh siad i mbun measúnachtaí timpeallachta mar go mbeidh siad seo á ndéanamh mar chuid den chóras pleanála.

Déantar idirdhealú soiléir sa mhúnla seo idir ról toilithe Stáit agus toilithe forbartha sa réim nua. Breithneoidh Airí nithe cosúil le leas an phobail, cuspóirí beartais ginearálta agus cumas teicniúil agus airgeadais forbróirí. Breithneoidh an t-údarás pleanála áitiúil nó An Bord Pleanála (ABP) comhlíontacht le pleananna críche agus mara de réir mar is cuí, breithniúcháin timpeallachta agus ionchur ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara.

Beidh tacar coiteann ceanglas i bhfeidhm i ndáil le Leasanna Pleanála (féach thíos) agus Toilithe Limistéir Mhuirí, a mbeidh nósanna imeachta sonracha eárnála/forbartha ag tacú leo. Leagfar amach sonraí na nósanna imeachta seo i rialacháin atá forbartha ag an Aire iomchuí, oiriúnach dá bhfeidhmeanna faoin Acht seo. Áirítear forálacha sonracha breise le haghaidh tionscadal fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta (ORE) faoi shainchúram an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

Sainmhínítear i gCuid 4, Caibidil 2, freagrachtaí mar atá i gceist idir Airí iomchuí. Is é an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, an tAire iomchuí le haghaidh cineálacha forbartha laistigh dá shainchúram beartais, e.g., fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta, cáblaí teileachumarsáide, stóráil gás nádúrtha ar muir etc. Is é an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil a bheidh freagrach as gach cineál forbartha eile laistigh de raon feidhme an Bhille seo.

Lena chois sin, ceadaítear i gCaibidil 1 daoine áirithe a ainmniú mar "oiriúnach agus cuí". Is é an aidhm atá leis seo éifeachtúlacht a chruthú trí deireadh a chur leis an gceanglas a bhaineann le stádas "duine oiriúnach agus cuí" iarratasóirí áirithe a mheas i rith gach próiseas iarratais. Meastar go mbeidh ainmnithe den sórt sin teoranta d'eintitis cosúil le hÚdaráis Áitiúla, Comhlachtaí agus Gníomhaireachtaí Stáit oiriúnacha, agus comhlacht forbartha ORE mar a shamhlaítear faoi Cheannteideal 32. Beidh go leor iarratas á ndéanamh ag a leithéid sin daoine le himeacht ama le linn doibh a bhfeidhmeanna reachtacha a fheidhmiú.

Chomh maith leis sin, cruthaíonn Caibidil 1 cumhachtaí nua d'Aire iomchuí leas pleanála a cheadú le haghaidh tréimhse shonraithe ama, le haghaidh forbairt shonraithe, i gcuid shonraithe den limistéar mhuirí. Feidhmíonn an leas pleanála mar gheata isteach chuig an gcóras pleanála ach ní cinneadh pleanála é. Tá sé beartaithe chomh maith go gcuirfidh coincheap an leasa pleanála cosc ar an

limistéar muirí a bheith á steiriliú go fadtéarmach ag forbróirí ionchasacha nach bhfuil in ann tionscadail a chríochnú.

Bunófar beart idirthréimhseach comhairliúcháin, ar feitheamh don Rialtas glacadh leis an bPlean Spásúil Mhuirí, idir Airí earnálacha ag céim an leasa pleanála.

Foráiltear i gCuid 4, Caibidil 2 le haghaidh réim toilithe aonair nua Stáit don limistéar muirí iomlán, agus toiliú limistéir mhuirí (TLM) a thabharfar ar an toiliú. Rialóidh an toiliú aonair nua sealbhú an limistéir mhuirí, agus tiocfaidh sé in ionad na réimeanna toilithe reatha faoin Acht Imeal Trá agus an tAcht um an Scairbh Ilchríochach. Tá sé beartaithe go ndéanfaidh an toiliú seo foráil don limistéar muirí a bheith á shealbhú ag forbróirí. Ní bheidh measúnachtaí timpeallachta ag leibhéal tionscadail á gcur i gcrích ag an Aire iomchuí. Beidh measúnachtaí timpeallachta á ndéanamh go heisiach laistigh den chóras pleanála. Beidh na cearta atá ag an sealbhóir le haghaidh cuid áirithe den limistéar muirí teoranta dóibh siúd atá comhsheasmhach le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraise (UNCLOS) agus aon reachtaíocht ábhartha Éireannach dlínse muirí.

Breithneoidh an tAire iomchuí iarratais ar thoiliú limistéir mhuirí i ndiaidh leas pleanála a bheith ceadaithe agus cead pleanála tugtha ag an údarás pleanála ábhartha. Ní cheadófar aon athrú ábhartha i rith chéim an toilithe limistéir mhuirí. Beidh ar fhorbróirí dul i muinín an chórais pleanála chun aon athruithe dá leithéid a bhreithniú.

Déanfaidh an tAire iomchuí mar atá sannaithe sa Bhille faoin reachtaíocht reatha, toilithe ceadaithe faoi na réimeanna reatha a bhainistiú go dtí go moltar éag, foirceannadh, sannadh nó aon athrú ábhartha - agus ag an tráth sin beidh sé riachtanach iarratas a dhéanamh faoin réim nua.

Tá sé mar aidhm le Caibidil 2 freisin nósanna imeachta comhréireacha a bhunú le haghaidh mhionsealbhú an limistéir mhuirí áit, faoi reachtaíocht pleanála, go bhfuil a leithéid d'fhorbairt díolmhaithe agus le haghaidh cineálacha forbartha eile, a éilíonn mionsealbhú nó sealbhú sealadach cosúil le suirbhéanna timpeallachta mara agus gníomhaíochtaí sonracha eile. Chomh maith leis sin, forálann sé cumhachtaí chun gníomhaíochtaí áirithe a dhíolmhú ó cheanglas TLM. D'fhéadfaí go n-áireofaí sa díolúine seo gníomhaíochtaí atá faoi réir réim toilithe reachtach eile.

Déantar foráil chomh maith chun oibreacha práinneacha ar gá iad a dhéanamh ar bhonn éigeandála chun beatha nó maoin a chosaint. Tá na forálacha seo comhsheasmhach le "*Guide to Works and Development Consents for Repairing Infrastructure Damaged in Storm or other Emergency Events*" (2014) atá ullmhaithe ag an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteán agus Éigeandála.

Foráiltear i gCuid 4, Caibidil 3, le haghaidh bearta idirthréimhseacha áit arb ann do réimeanna reatha toilithe Stáit agus creataí reachtacha. Sainithneofar agus déanfar foráil le haghaidh ceanglas idirthréimhseach breise i rith an phróisis dréachtaithe.

Cuid 5: Bainistíocht Forbartha

Is é atá mar aidhm le Cuid 5 an réim ceada pleanála a chur i bhfeidhm sa limistéar muirí. Sainmhíníonn agus idirdhealaíonn sé idir ról ceada pleanála na n-údarás áitiúil agus An Bord Pleanála chomh fada is a bhaineann le forbairt mhuirí agus forbraíonn sé, áit ar gá, forálacha reatha lena chinntiú go bhfuil cóireáil agus breithniú cuí á dhéanamh ag na húdaráis pleanála ábhartha ar fhorbairt sa chomhthéacs muirí.

Leanfaidh údarás áitiúla cósta le freagracht a ghlacadh as cúrsaí ginearálta a bhaineann le forbairtí cosúil le:

- Céanna agus fánáin bheaga,
- Pontúin,
- Muiríní beaga, agus
- Sruthanna éalaithe beaga.

Leanfaidh An Bord Pleanála le freagracht a ghlacadh as forbairtí cosúil le:

- Forbairt de chuid an údarás áitiúil sa limistéar cois cósta a éilíonn measúnacht tionchair timpeallachta agus/nó measúnacht oiriúnach
- Calafóirt/Muiríní Móra,
- Sruthanna éalaithe a bhaineann le hionaid chóireála fuíolluisce,
- Bonneagar suntasach – fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta, mótarbhealaí, bóithre, droichid, agus
- Idirnascairí fuinnimh

Tá sé mar aidhm le Cuid 5, Caibidil 1, go mbeidh formhór den fhorbairt atá faoi réir cead pleanála cheana féin fós faoi réir reachtaíocht agus nósanna imeachta pleanála reatha atá á bhfeidhmiú ag an mBord Pleanála nó ag údarás áitiúil cósta, de réir mar is cuí.

I láthair na huaire, faoi Chuid XV den Acht um Pleanáil agus Forbairt, teastaíonn cead pleanála le haghaidh forbairt atá taobh le limistéar feidhmiúil údarás áitiúil. Faoi réim nua, cuirfear síneadh leis an bhfeidhm pleanála seo agus cuirfear teorainn sheachtrach an limistéir nua cois cósta san áireamh. Má tá údarás pleanála cósta nó An Bord Pleanála freagrach i láthair na huaire as cineál forbartha ar talamh, beidh sé freagrach freisin as a leithéid sin d'fhorbairt laistigh den limistéar cois cósta.

Tá sé beartaithe go gcuirfidh na forálacha molta i gCaibidil 1 le forálacha reatha an Acht um Pleanáil agus Forbairt, seachas teacht ina ionad, trí bhreithniúcháin shonracha áirithe mhuirí agus ceanglais nóis imeachta. Tá sé beartaithe, áit ar féidir, leasú ar an Acht um Pleanáil agus Forbairt a íoslaghódú. Beidh gá le roinnt oiriúnaithe, áfach, chun feidhmiú éifeachtúil a chinntiú agus dóthain soiléire agus trédhearcachta a sholáthar d'fhorbróirí, údaráis toilithe, páirtithe leasmhara eile agus an pobal go ginearálta.

Leagtar amach i gCuid 5, Caibidil 2 nósanna imeachta neamhspleácha do na cineálacha sonracha forbartha sa limistéar muirí atá leagtha amach i Sceideal X den

Bhille agus iad siúd atá go hiomlán nó go páirteach lastall de theorainn sheachtrach an limistéir cois cósta a mbeidh An Bord Pleanála freagrach astu freisin.

Leagtar amach i gCaibidil 3 nósanna imeachta na measúnachta tionchair timpeallachta (MTT) a bhaineann leis an nós imeachta neamhspleách i gCaibidil 2.

Leagtar amach i gCaibidil 4 nósanna imeachta na measúnachta oiriúnaí (MO) a bhaineann leis an nós imeachta neamhspleách i gCaibidil 2.

Cuid 6: Forfheidhmiúchán

I gcomhthéacs leibhéal méadaithe gníomhaíochta agus forbairt (chasta) in uiscí na hÉireann, ní mór an creat forfheidhmiúcháin a neartú agus a réasúnú. Tá raon leathan comhlachtaí rialála mara ann, agus chomh maith leis sin tá raon comhlachtaí forfheidhmiúcháin (ní pleanáil amháin) agus monatóireachta de chineál amháin nó de chineál eile ann. Áirítear ina measc an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, an tSeirbhís Chabhlaigh, Foras na Mara, Iascach Intíre Éireann, agus Coimisinéirí Soilse na hÉireann.

Á chur seo san áireamh, scrúdófar na roghanna atá ann le haghaidh forfheidhmiúchan pleanála mara a leagfaidh béim ar leith ar:

- Oibleagáidí comhlíontachta soiléire atá ag eascairt as creat cinnteoireachta soiléir, atá bunaithe i ndeireadh na dála ar na beartais agus ar na cuspóirí pleanála mar atá leagtha amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála Mara;
- An gá atá le comhlíontacht a bheith á léiriú agus á cruthú ag sealbhóirí toilithe;
- Comhoibriú idir comhlachtaí a bhfuil freagrachtaí maidir le pleanáil mhara orthu, le béim ar thras-chomhlíonadh;
- Roinnt faisnéise, saineolais agus acmhainní áit ar cuí; agus,
- Cur chuige solúbtha maidir le hacmhainní forfheidhmiúcháin a imlonnú, ag cur acmhainn gheografach mar aon le hacmhainn fheidhmiúil san áireamh.

Leagtar amach i gCuid 6, Caibidil 2, an réim le haghaidh forfheidhmiúcháin i ndáil le leasanna pleanála agus toilithe limistéir mhuirí.

Leagtar amach i gCuid 6, Caibidil 2 an réim le haghaidh forfheidhmiúcháin i ndáil le bainistíocht forbartha.

Leagtar amach i gCuid 6, Caibidil 3, forálacha breise lena n-áirítear cionta agus cumhachtaí breise d'údaráis áitiúla maidir le gníomhaíochtaí áirithe sa limistéar cois cósta nó ar thailte taoidmheara. Tá sé beartaithe go mbeidh na forálacha seo mar bhonn le cumhachtaí cosúla atá leagtha amach san Acht Imeachtra, atá ceadaithe don Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (ATPRA) faoi láthair, a nuachóiriú agus ionadú, agus freagracht as a leithéid d'fhorfheidhmiúchán a aistriú chuig údaráis áitiúla.

Cuirfear na forálacha seo san áireamh sa bhreis ar aon chumhachtaí reatha atá ceadaithe d'údaráis áitiúla faoi reachtaíocht eile. Ciallóidh an chaibidil seo gur cion é cur isteach ar ábhar trá, ábhar a shil-leagan nó ábhar díobhálach a shil-leagan sa limistéar cois cósta, agus foráiltear le haghaidh cumhachtaí forfheidhmiúcháin trí na cúirteanna.

Is é atá mar aidhm le Cuid 6, Caibidil 4, foráil a dhéanamh le haghaidh imthosca éagsúla sa chás nár éirigh le forbairt agus sealbhú an imill trá, roimh achtú PBFM, cead pleanála agus toiliú a fháil faoin Acht Imeall Trá.

Ceadóidh sé seo breithniú a dhéanamh ar fhorbairt faoi fhorálacha reatha in Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, le haghaidh toiliú coinneála nó ionadach, má ghlacann ATPRA lena leithéid. Má theipeann ar iarratasóir aon cheann den fhaomhadh riachtanach a fháil, is féidir tabhairt faoi ghníomh forfheidhmiúcháin faoi Chaibidil 1 agus 2 den chuid seo. Má éiríonn leis an iarratasóir an cead pleanála riachtanach a fháil, is féidir breithniú a dhéanamh ansin ar iarratas ina dhiaidh sin ar thoiliú limistéir mhuirí. Ní bhaineann na bearta seo ach leis an limistéar cois cósta agus níl siad infheidhme maidir le forbairt atá faoi réir Chuid 5, caibidil 2-4 (forbairt amach ón gcósta).

Ní bheidh feidhm leis na bearta seo ach amháin i ndáil le forbairt a tógadh roimh achtú/tosach feidhme PBFM.

Cuid 7: Leasuithe ar Reachtaíocht Eile.

Leagtar amach i gCuid 7, Caibidil 1, leasuithe éagsúla ar an Acht Imeall Trá, 1933 (leasaithe) de réir mar is gá.

Tá sé mar aidhm le Cuid 7, Caibidil 2, leasuithe iarmhartacha éagsúla ar reachtaíocht eile a leagan amach lena chinntiú gur féidir leanúint le feidhmeanna a bhfuil tionchar ag PBFM orthu agus, áit ar féidir, éifeachtúlachtaí agus feabhsuithe a bhunú. Bunaithe ar nádúr casta na reachtaíochta seo, tá gá le tuilleadh forbartha i gcomhar le Ranna agus le gníomhaireachtaí ábhartha.

Aguisín 2 Seicheamh agus Idirghníomhaíochtaí Toilithe

Céimeanna	Próiseas	Údarás Ábhartha
An Creat Náisiúnta Pleanála Mara	<ul style="list-style-type: none"> An Ráiteas Beartais maidir le Pleanáil Mara Plean(anna) Spásúil Muirí Ardán sonraí spásúla Comhthéacs beartais Treoirlínte reachtúla 	An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil - Ranna Earnálacha
Leas Pleanála	<ul style="list-style-type: none"> Duine Oiriúnach agus Cuí Cumas teicniúil agus airgeadais Coinbhleachtaí spásúla Seicliosta roimh iarratas a dhéanamh 	Aire Iomchuí - An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil/An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
Bainistíocht Forbartha	<ul style="list-style-type: none"> Pleanáil cheart (CNPM&CNP) Measúnacht Oiriúnach Comhairliúchán le Páirtithe Leasmhara Rannpháirtíocht phoiblí Breithniúcháin shonracha togra 	Údarás Pleanála An Bord Pleanála
Toiliú Limistéir Mhuirí	<ul style="list-style-type: none"> Téarmaí airgeadais Duine oiriúnach agus cuí Coinníollacha caighdeánacha do shealbhú Níl aon athrú ábhartha ar an togra 	Aire Iomchuí - An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil/An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
Forfheidhmiúchán	<ul style="list-style-type: none"> Forfheidhmiúchán Toiliú Limistéir Mhuirí Forfheidhmiúchán bainistíocht forbartha Comhordú idir údaráis 	Aire Iomhchuí Údarás Pleanála Údarás Inniúil

Aguisín 3 Céimeanna agus Róil

	Forbróir	Aire Iomchuí	Údarás Toilithe Forbartha	Poiblí	Páirtithe Leasmhara	Údarás Forfheidhmiúcháin
An Creat Náisiúnta	-	(ATPRA)	Ionchur in ardán	Ionchur i bpleananna	Ionchar i bpleananna	-

	Forbróir	Aire Iomchuí	Údarás Toilithe Forbartha	Poiblí	Páirtithe Leasmhara	Údarás Forfheidhmiúcháin
Pleanála Mara		Soiléire spásúil agus beartais (pleanann a spásúla muirí) Treoirlínte reachtacha Ardán sonraí (iarratais agus toilithe ceadaithe)	sonraí	mara	mara	
Dearadh tionscadail	Rannpháirtíocht dheonach leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara	-	-	Rannpháirtíocht le forbróir	Rannpháirtíocht le forbróir	-
Leas Pleanála	Baineann leis an Aire Iomchuí	Coinbhleachtaí spásúla poitéinsiúla agus cumas an fhorbróra tionscadala a chríochnú	-	-	-	-
Roimh iarratas a dhéanamh	Dul i gComhairle le Páirtithe Leasmhara Stáit agus	-	Scópáil le haghaidh cásanna áirithe	Rannpháirtíocht le forbróir	Rannpháirtíocht le forbróir	-

	Forbróir	Aire Iomchuí	Údarás Toilithe Forbartha	Poiblí	Páirtithe Leasmhara	Údarás Forfheidhmiúcháin
	Páirtithe Leasmhara eile – Treoirínte reachtacha					
Toiliú Forbartha	Baineann le UA nó Bord de réir mar is cuí	-	Measúnachtaí cuí pleanála & timpeallachta	Rannpháirtíocht phoiblí fhoirmiúil	Soláthraíte ar breithniúcháin eárnáilsonracha	-
Toiliú Limistéir Mhuirí	Baineann leis an Aire Iomchuí	Téarmaí airgeadais Coinníollacha sealbhaith e	-	-	-	-
Athrú ábhartha ar thogra nó ar imthosca	Baineann le UA nó Bord de réir mar is cuí	-	Measúnachtaí cuí pleanála & timpeallachta	Rannpháirtíocht phoiblí	Soláthraíte ar breithniúcháin eárnáilsonracha	-
Forfheidhmiúcháin	Comhlíontacht le coinníollacha toilithe	Nithe a bhaineann le TLM	-	-	-	Nithe a bhaineann le Toiliú Forbartha

Aquisín 4: An Prótacal Aistrithe atá Beartaithe do thionscadail ghaoithe áirithe amach ón gcósta i gcomhthéacs an Bhille PBFM atá beartaithe

1. Cúlra.

Leagtar amach i bPlean Gníomhaithe na hÉireann ar son na hAeráide, sraith gníomhartha a léiríonn conas a éireoidh linn gach earnáil dár ngeilleagar a dhícharbónú. Is í an uailmhian a shonraítear ann go mbeidh 70% de thomhaltas fuinnimh na hÉireann á ghiniúint ó theicneolaíochtaí in-athnuaite faoi 2030. Aithnítear ann go mbeidh ról lárnach ag fuinneamh gaoithe amach ón gcósta i gcomhlíonadh na huailmhéine seo, trína léiriú go dteastaíonn ar a laghad 3,500 MW d'acmhainn giniúna fuinneamh gaoithe amach ón gcósta faoi 2030 chun an uailmhian maidir le 70% d'fhuinneamh in-athnuaite a chomhlíonadh.

2. Cuspóir.

Is é cuspóir an phrótacail seo treoir a thabhairt don earnáil maidir le tionscadail áirithe a bhaineann le fuineamh gaoithe amach ón gcósta (“**Tionscadail lomchuí**”) i gcomhthéacs Bhille PBFM, 2020. Tá sé beartaithe go mbeidh an treoir seo ag cabhrú leis an dianphlé reatha agus leanúnach le forbróirí a leithéid sin de Thionscadail lomchuí.

3. Tionscadail lomchuí.

Áirítear i measc na “dTionscadail lomchuí” lena mbaineann an Prótacal Idirthréimhseach seo:

- (a) tionscadail fuinneamh gaoithe amach ón gcósta a rinne iarratas ar (agus a rinne dul chun cinn suntasach) nó ar ceadaíodh léasa dóibh faoi Acht Imeach Trá 1933, mar atá leasaithe (an tAcht Imeach Trá) a bhfuil athruithe ábhartha beartaithe ina leith bunaithe ar an iarratas agus measúnú a rinneadh orthu ó thús faoi na hAchtanna Imeach Trá, a n-éilíonn a gcuid athruithe tuilleadh measúnaithe; agus/nó
- (b) tionscadail fuinneamh gaoithe amach ón gcósta a bhfuil comhaontú ceangail bhailí acu ón TSO nó ar dheimhnigh an TSO atá incháilithe le próiseáil i ndiaidh tairiscint bhailí ceangail a fháil;

4. An tAcht Imeach Trá – Bealach Aistrithe Bhille PBFM.

I bhfianaise an dul chun cinn atá déanta ag Tionscadail lomchuí agus an gá atá ann go mbeadh acmhainní fuinneamh gaoithe amach ón gcósta á bhforbairt ag an Stát faoi 2030 chun cabhrú leis a spriocanna fuinneamh in-athnuaite a chomhlíonadh, tá sé beartaithe reachtaíocht a bhunú le haghaidh bealach aistrithe do Thionscadail lomchuí dá leithéid i mBille PBFM, 2020.

Tugann an bealach aistrithe seo Leas Pleanála do Thionscadail lomchuí, laistigh de bhrí Bhille PBFM 2020, faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a bheidh i bhfeidhm.

Cheadódh sé sin do na Tionscadail lomchuí seo an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Leanúint le cleachtaí scópála comhshaoil;
- Leanúint le hiniúchtaí agus suirbhéanna suímh;

Tuarascálacha comhshaoil a bhíonn le hiarratas pleanála agus ullmhú agus a thabhairt i gcrích; Níl an bealach aistrithe ar fáil ach do Thionscadail lomchuí.

Sa chás gur mian le Tionscadal lomchuí sealbh a ghlacadh ar limistéar breise den Limistéar Muirí nach mbaineann le Léas reatha Imeall Trá / iarratas ceadaithe nó déanta faoi na hAchtanna Imeall Trá, ní cheadófar aon Leas Pleanála i ndáil le haon limistéar breise dá leithéid.

Sa chás go ndíulthaítear do thoiliú pleanála do Thionscadal lomchuí, d'fhéadfaí nó ní fhéadfaí síneadh a chur le Leas Pleanála faoi théarmaí an Bhille PBFM.

5. An Seasamh maidir le ceadúnais agus / nó iarratais Iniúchtaí Suímh.

Tá roinnt ceadúnas faoi Acht Imeall Trá le haghaidh oibreacha iniúchta suímh ceadaithe nó tá iarratas déanta orthu. Tá na ceadúnais seo sealadach agus neamheisiach agus ní bhronnann siad aon cheart ar aon sealbhóir nó iarrthóir reatha ceadúnais maidir le haon iarratais nó sealbhú imeall trá amach anseo.

6. Tionscadail fuinneamh gaoithe amach ón gcósta nach Tionscadail lomchuí iad.

Maidir le haon tionscadal beartaithe fuinnimh gaoithe amach ón gcósta nach bhfuil forbartha nó nach bhfuil á bhforbairt de réir an mheasúnaithe bunaidh; nó nach Tionscadail lomchuí iad, ní mór iad a chur chun cinn faoi Bhille PBFM, 2020 atá beartaithe. Ní dhéanfar foráil le haghaidh aon bhealach aistrithe do na tionscadail seo faoi Bhille PBFM, 2020.

7. Leas an Phobail.

Is bunaithe ar leas an phobail atá sé cibé ar cheart nó nár cheart toiliú a cheadú do dhuine imeall trá atá faoi úinéireacht an Stáit a shealbhú.

Chun léas imeall trá a cheadú le haghaidh aon iarratas reatha faoi na hAchtanna Imeall Trá, ní mór go mbeadh an tAire den tuairim gur ar mhaithe le leas an phobail a leithéid a dhéanamh. Cuirfidh an tAire na nithe seo a leanas san áireamh le linn dó teacht ar a thuairim:

- An tionscadal arb ionann é agus ábhar an iarratais;
- Céim forbartha an tionscadail;
- An Plean Forbartha maidir le Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta;
- Córas bainistíochta forbartha nua-aimseartha nua don imeall trá atá beartaithe a chur ar fáil nó faoi Bhille um Pleanáil agus Bainistíocht Forbartha Mara 2020; agus
- Beidh an réim rialála nua á treorú ag an gCreat Náisiúnta Pleanála Mara, agus tá comhairliúchán poiblí á dhéanamh ar an dréacht faoi láthair.

Is é an beartas atá ann faoi láthair, ag féachaint do na breithniúcháin thuas:

- nach mbeadh sé ar son leas an phobail cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratais reatha ar léas imeall trá, a mhéid is mian le tionscadal téarmaí forbartha ábhar an iarratais a athrú, agus cinneann an tAire gurb ionann an t-athrú a dhéanamh agus athrú ábhartha ar théarmaí na forbartha; agus
- nach mbeadh sé ar son leas an phobail glacadh le haon iarratais nua ar léas imeall trá do thionscadail feirmeacha gaoithe amach ón gcósta / do thionscadail ORE faoi na hAchtanna Imeall Trá, nó iad a cheadú.

8. Léasanna Imeall Trá agus Réamhshocruithe Forbartha.

Sna cásanna seo a leanas:

- (i) tá Leas Imeall Trá ceadaithe do Thionscadal Iomchuí agus tá sé i mbun Réamhshocraithe Forbartha faoina leithéid sin de Léas Imeall Trá; agus
- (ii) deimhníonn forbróir a leithéid sin de Thionscadal Iomchuí i scríbhinn don Aire go bhfuil sé beartaithe aige tairbhe a bhaint as an mbealach idirthréimhseach faoi Bhille um Pleanáil agus Bainistíocht Forbartha, 2020,

ní fheidhmeoidh an tAire aon chearta chun Léas Imeall Trá dá leithéid a fhoirceannadh ina n-iomláine nó i bpáirt mar gheall ar Réamhshocrú Forbartha dá leithéid roimh chinneadh a dhéanamh maidir leis an iarratas faoin réim Pleanála agus Bainistíochta Forbartha Mara (nuair a bheidh a leithéid achtaithe) faoina gceadaítear Leas Pleanála don Tionscadal Iomchuí faoin mbealach idirthréimhseach. Tabhair faoi deara nach bhfuil dochar á dhéanamh aige seo d'aon réiteach eile atá bunaithe ag an Aire faoin Léas nó sa dlí maidir le haon sárúithe eile ar neamhchomhlíontacht leis an Léas Imeall Trá.

Sula bhfaigheann aon Tionscadal Iomchuí Toiliú Limistéir Mhuirí faoin réim Pleanála agus Bainistíochta Forbartha Mara (nuair a bheidh a leithéid achtaithe), ní mór don Léasaí géilleadh d'aon Léas Imeall Trá a bhaineann le Tionscadal Iomchuí dá leithéid.

9. Fógraí Breise.

Tá cuspóir an phrótacail idirthréimhsigh seo sonraithe ag 2 thuas. De bhrí, áfach, go bhfuiltear ag leanúint le forbairt na réime fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta in Éirinn, déanfar fógraí breise nuair atá an próiseas forbartha beartais curtha i gcrích.

